



TEICNEOLAÍOCHT FHEIDHMEACH

Jct4 Nuachtlitir

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun spreagadh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.



FGL 2021/2022

Tá foireann na Teicneolaíochta Feidhmí ag tabhairt faoi na céimeanna dearaidh deiridh de [cheardlann FGL 2021/2022](#) a éascófar le linn an téarma seo. Tá príomhthéamaí bainte ag an bhfoireann as an aiseolas a thug múinteoirí tar éis cheardlanna FGL na bliana seo caite. Tá foireann na Teicneolaíochta Feidhmí ag tnúth le tacaíocht bhreise a thabhairt duit agus tú ag cur na sonraíochta i bhfeidhm i do sheomra ranga.

Coinnigh i dteagmháil

Is iad trí bhealach chun coinneáil suas chun dáta le foireann Teicneolaíochta Fheidhmeach Jct4: **Tabhair cuairt ar ár leathanach gréasáin:**



www.jct.ie/technologies

Lean muid ar twitter



[@Jct4ed](https://twitter.com/Jct4ed)

Bí ar ár liosta seoltaí



[Mailing List](#)

Tá na hábhair agus na hacmhainní go léir ó cheardlanna FGL roimhe seo ar fáil ar www.jct.ie i rannóg na dTeicneolaíochtaí.

Fáilte

Fáilte go dtí an deichiú eagrán againn de Nuachtlitir Theicneolaíocht Feidhmeach Jct4. Agus an nuachtlitir seo á léamh agat tá súil againn go bhfuil tú féin agus do mhuintir i mbarr bhur sláinte. De réir mar a théann muid ar aghaidh tríd an mbliain, leanfaidh foireann Theicneolaíochta Fheidhmeach Jct4 orthu ag cur tacaí FGL ar fáil do mhúinteoirí. Is féidir teacht ar thacaí FGL na bliana seo caite [anseo](#).

Acmhainn réitithe fadhbanna trí rialú leictreach i dTeicneolaíocht Fheidhmeach


Rachaidh múinteoirí Theicneolaíochta Fheidhmeach i mbun a gceardlainne FGL ar líne 2021/2022 sna seachtainí amach romhainn. Mar fhreagra ar aiseolas ó mhúinteoirí, d'fhorbair foireann na Teicneolaíochta Feidhmí acmhainn réitithe fadhbanna trí rialú leictreach a rachaidh múinteoirí i ngleic léi le linn a gceardlainne FGL ar líne. Dearadh an acmhainn seo chun chabhrú le múinteoirí tuiscint agus scileanna a fhorbairt chun lochtanna a bhaineann le ciorcaid a réiteach a d'fhéadfadh tarlú in obair thionscadail Theicneolaíochta Fheidhmeach.

Cuirfidh an acmhainn seo ar do chumas ansin cabhrú le do chuid

scoláirí i do chomhthéacs féin. **Cinntigh le do thoil gur chláraigh do scoil tú chun freastal ar an gceardlann seo.** Cuireadh sonraí

maidir leis an gcaoi chun múinteoirí a chlárú do na ceardlanna FGL ar líne seo chuig scoileanna cheana féin. Beidh an acmhainn seo agus ábhair eile ónár gceardlann Theicneolaíochta Fheidhmeach 2021/2022 ar fáil ar an láithreán gréasáin againn.

Chun tuilleadh eolais a fháil agus chun na hábhair seo a fheiceáil, cliceáil [anseo](#)



STE(A)M i Sraith ar Líne na Sraithe Sóisearaí

Is féidir clárú anois dár STE(A)M in imeachtaí FGL na Sraithe Sóisearaí do 2022! Tá imeachtaí ar líne STE(A)M sa tSraith Shóisearach bunaithe ar chomhpháirtíocht idir SSM agus aon cheann déag de chomhpháirtithe for-rochtana oideachais ar saineolaithe ina réimse iad. Beidh bainteacht ábhar-shonrach agus traschuraclaim ag an FGL seo agus cabhraíonn sé le múinteoirí foghlaim an tseomra ranga a nascadh le comhthéacsanna sa saol fíor. Cliceáil ar an bpóstaer chun a fháil amach faoi shonraí na n-imeachtaí éagsúla.



[Cliceáil anseo chun clárú](#)

Seimineár Gréasáin an Fómhair



I mí Dheireadh Fómhair 2021, bhí seimineár gréasáin againn agus rinne muid iniúchadh ar an gcuma a bhí ar theagasc agus ar fhoghlaim i dTeicneolaíocht Fheidhmeach ag tús bliana acadúla. Roinn beirt mhúinteoirí a dtaithí agus iad ag díriú ar theagasc agus ar fhoghlaim diadha ar ndiaidh sa chéad agus sa dara bliain. Chun féachaint ar an seimineár gréasáin seo cliceáil ar an íomhá thuas nó cliceáil [anseo](#)

Páipéar Samplach Theicneolaíocht Fheidhmeach



Tá Páipéar Samplach Theicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí ar fáil anois ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) www.examinations.ie. Is féidir an páipéar samplach a fheiceáil trí chliceáil [anseo](#)

Podchraoladh Jct4

San eagrán is deireanaí, labhraíonn Paul Leamy, Ceann Ionaid ag GMIT Leitir Fraic, linn faoin áthas a bhaineann le dearadh agus déanamh le hadhmad agus faoin tábhacht a bhaineann le príomhphrionsabail na scileanna láimhe a fhorbairt ag GMIT Leitir Fraic, an tIonad Náisiúnta Barr Feabhais i nDearadh Troscáin agus Teicneolaíocht.



Acmhainní MRB Theicneolaíocht Fheidhmeach

Tá bailchríoch á cur ar acmhainní ag foireann na Teicneolaíochta Feidhmí faoi láthair chun cabhrú le múinteoirí a dtuiscint ar phróiseas MRB a fhorbairt. Beidh póstaí idirghníomhacha, doiciméid PDF agus físeáin sna hacmhainní seo agus beidh siad ar fáil inár rannán measúnaithe ar ár láithreán gréasáin go luath. Chun tuilleadh eolais a fháil agus chun na hábhair seo a fheiceáil, cliceáil [anseo](#)

Leabharlann Acmhainní na Teicneolaíochta Feidhmí



Thiomsaigh foireann na Teicneolaíochta Feidhmí leabharlann acmhainní a chruthaigh muid ón mbliain acadúil 2018/2019. Tá go leor straitéisí úsáideacha agus eispéiris foghlama fhéideartha sa leabharlann a d'fhéadfaí a chur in oiriúint do chomhthéacsanna

éagsúla. Beidh an acmhainn seo agus ábhair eile ónár gceardlann Theicneolaíocht Fheidhmeach 2021/2022 ar fáil ar an láithreán gréasáin againn.

Chun tuilleadh eolais a fháil agus chun na hábhair seo a fheiceáil, cliceáil [anseo](#)

Sa nuacht

Sa chuid seo den nuachtlitir, breathnaímid ar na scéalta nuachta reatha a d'fhéadfadh a bheith ábhartha sa seomra Theicneolaíocht Fheidhmeach.

Ba é Comórtas Oscailte Leadóige na hAstráile an chéad mhórchomórtas spóirt riamh chun 'Feidhm Fuaime' a úsáid. D'fhág an teicneolaíocht nuálach seo go raibh an turnaimint inrochtana ag lucht daille nó lucht lagamhairc rochtain a fháil ar an comórtas.



Nasc suíomh gréasáin:

<https://www.irishtimes.com/sport/other-sports/joanne-oriordan-new-technology-bringing-tennis-to-life-for-blind-fans-1.4786221>

Spreagann Teicneolaíocht Fheidhmeach scoláirí chun úsáid teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus a dtionchar ar an tsochaí a iniúchadh. Is féidir an t-alt seo a úsáid mar acmhainn nó mar spreagadh chun scoláirí a mhealladh i leith foghlaim fhéideartha laistigh de thorthaí foghlama: 1.5, 1.6, 1.7, 2.3, 2.5, 3.2, 3.4, 3.8

Ar deireadh, ba mhaith le Foireann Theicneolaíocht Fheidhmeach Jct4 gach rath a ghuí ort don chuid eile den dara téarma. Táimid ag tnúth le tacaíocht a thabhairt duit i rith na bliana.

Le dea-mhéin,

Foireann Theicneolaíochta Fheidhmeach Jct4

